# PREASEISIÚINT Uimh. 76/24

**Lucsamburg, 30 Aibreán 2024**

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-178/22 | Procura della Repubblica presso il Tribunale di Bolzano

## An príobháideachas agus ionchúiseamh cionta tromchúiseacha: ní mór don Chúirt atá freagrach as údarú rochtana ar thaifid teileafóin chun déantóirí ciona a shainaithint, rochtain dá bhforáiltear leis an dlí náisiúnta ar féidir a dheonú chun é a ionchúiseamh, a bheith i dteideal rochtain den chineál sin a dhiúltú nó a shrianadh

De réir dhlí na hIodáile, tá an tromghoid ar cheann de na cionta ar féidir taifid teileafóin a fháil ó sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí le réamhúdarú cúirte. Measann an Chúirt Bhreithiúnais nach féidir rochtain ar thaifid den chineál sin a dheonú ach amháin má bhaineann sí le sonraí daoine a bhfuil amhras ann fúthu go ndearna siad cion tromchúiseach agus sonraíonn sí gur faoi na Ballstáit atá sé 'cionta tromchúiseacha' a shainmhíniú. Mar sin féin, ní mór don chúirt atá freagrach as údarú na rochtana a bheith i dteideal an rochtain sin a dhiúltú nó a shrianadh i gcás ina measann sí go bhfuil an cur isteach ar na cearta bunúsacha chun príobháideachais agus chun sonraí pearsanta a chosaint de bharr na rochtana sin tromchúiseach nuair is léir nach bhfuil an cion atá i gceist tromchúiseach i bhfianaise na gcoinníollacha sochaíocha atá i réim sa Bhallstát lena mbaineann.

I gcomhthéacs imscrúdú coiriúil maidir le tromghoid dhá fhón póca, d'iarr an tIonchúisitheoir Poiblí Bolzano (an Iodáil) údarú ar an gcúirt Iodálach chun taifid teileafóin a bhaineann le teileafóin ghoidte i seilbh na gcuideachtaí teileafóin go léir a fháil chun déantóirí na gadaíochta a shainaithint. Bhí amhras ar an mbreitheamh Iodálach faoi chomhoiriúnacht dhlí na hIodáile, ar a bunaíodh an iarraidh sin, le Treoir an Aontais "um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach" [1], ar an bhforas go bhfuil sé mar chuspóir ag an dlí sin cionta atá ina gcúis le suaitheadh sóisialta teoranta a ionchúiseamh agus nach dtugtar bonn cirt leis le cur isteach tromchúiseach ar na cearta bunúsacha chun príobháideachais agus chun sonraí pearsanta a chosaint, agus nach bhfuil aon discréid ag na cúirteanna Iodálacha maidir le tromchúis nithiúil an chiona atá i gceist.

Ina breithiúnas, chinn an Chúirt Bhreithiúnais gur féidir an cur isteach ar na cearta bunúsacha thuasluaite de bharr rochtain ar thaifid teileafóin a aicmiú mar chur isteach tromchúiseach agus dheimhnigh sí nach féidir rochtain den chineál sin a dheonú ach amháin má bhaineann an rochtain le sonraí daoine a bhfuil amhras fúthu go bhfuil siad rannpháirteach i gcion tromchúiseach. Sonraíonn sí go bhfuil na Ballstáit freagrach as sainmhíniú a thabhairt ar 'chionta tromchúiseacha' chun an Treoir a chur i bhfeidhm. Tagann an reachtaíocht choiriúil faoi inniúlacht na mBallstát a mhéid nach bhfuil reachtaíocht curtha i bhfeidhm ag an Aontas sa réimse sin.

Mar sin féin, ní féidir leis na Ballstáit an coincheap sin a chur as a riocht agus, leis sin, coincheap na 'coireachta tromchúisí' a chur as a riocht ach chomh beag, trí chionta ar follas nach bhfuil siad tromchúiseach a chur san áireamh, i bhfianaise na gcoinníollacha sochaíocha atá i réim sa Bhallstát lena mbaineann, cé go bhforáiltear sa Bhallstát sin go bhféadfadh pionós d'uastéarma príosúnachta trí bliana ar a laghad a bheith ag gabháil leo. Sonraíonn an Chúirt, i ndáil leis sin, nach léir gur tairseach ró-íseal í tairseach a shocraítear trí thagairt do phionós dá leithéid. Ina theannta sin, ní gá go sáraítear prionsabal na comhréireachta nuair a shocraítear tairseach lena

bhforáiltear gur cionta tromchúiseacha iad na cionta siúd lena mbaineann téarma príosúnachta áirithe.

Go háirithe, chun a bheith cinnte nach gcuirtear coincheap na 'coireachta tromchúisí' as a riocht, tá sé riachtanach, mar sin féin, i gcás ina bhfuil baol ann go gcuirfí isteach go mór ar chearta bunúsacha an ábhair sonraí de bharr rochtain ar shonraí a choinnítear,  go mbeadh rochtain sin faoi réir athbhreithniú roimh ré ag cúirt nó ag údarás riaracháin neamhspleách.

Chomh maith leis sin, ní mór don chúirt nó don údarás riaracháin neamhspleách atá freagrach as an athbhreithniú sin a bheith i dteideal rochtain den chineál sin a dhiúltú nó a shrianadh i gcás ina gcinntear gur cur isteach tromchúiseach ar chearta bunúsacha é an rochtain sin nuair is léir nach dtagann an cion atá i gceist faoi raon feidhme na coireachta tromchúisí i ndairíre i bhfianaise na gcoinníollacha sochaíocha atá i réim sa Bhallstát lena mbaineann. Ba chóir go mbeadh sí in ann cothromaíocht chóir a bhaint amach idir riachtanais an imscrúdaithe agus na cearta bunúsacha chun príobháideachais agus chun sonraí pearsanta a chosaint.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear an téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (Treoir maidir le príobháideacht agus cumarsáid leictreonach.